# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
# State Examinations Commission

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2025**

---

**INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT**

(Ardleibhéal – 300 marc)

---

**DÉARDAOIN, 5 MEITHEAMH** **MAIDIN 9:30 – 12:30**

**TREORACHA**

1. Freagair **SÉ** cheist **ar bith**.

2. Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

3. Ní mór na freagraí uile a scríobh i ndúch ar an bhfreagarleabhar a chuirtear ar fáil.

4. Ba chóir na léaráidí a tharraingt le peann luaidhe.

5. Cuirtear páipéar cearnaithe ar fáil le haghaidh graf, de réir mar is gá.

6. Cuir lipéad agus uimhir go cúramach ar gach ceist a dtéitear ina bun, le do thoil.

**Ceist 1.** **(50 marc)**

Freagair **deich gcinn ar bith** acu seo a leanas **go hachomair**:

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le *teicneolaíocht aitheanta gutha*.



**(b)** Mínigh an fheidhm atá ag *slogaide theasa* i ngléasanna leictreonacha.

**(c)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn sreabháin ghearrtha á n-úsáid.

**(d)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a n-úsáidtear iarann teilgthe go minic chun tromán cluasach a mhonarú, mar a thaispeántar thall.



**(e)** Pléigh an méid a chuir duine **amháin ar bith** acu seo a leanas leis an teicneolaíocht:

**(i)** Michael Faraday **(ii)** Pierre Vernier **(iii)** Francis Beaufort.

**(f)** Sainaithin **dhá** bhuntáiste a bhaineann le buidéil phlaisteacha agus cannaí alúmanaim a athchúrsáil le haghaidh na Scéime Éarlaise agus Aisíoca (DRS), a tugadh isteach in Éirinn in 2024.

**(g)** Déan idirdhealú idir toisiú *incriminteach* agus *dearbhthoisiú*

**(h)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil alúmanam anóidithe oiriúnach chun an smeachnasc dreapadóireachta a thaispeántar a mhonarú.



*smeachnasc dreapadóireachta*

**(i)** Tá an smeachnasc dreapadóireachta deartha chun fachtóir ard sábháilteachta a bheith aige. Mínigh an téarma *fachtóir sábháilteachta*.

**(j)** Sainaithin **dhá** phróiseas deileadóireachta **ar bith** a úsáidtear chun *scriú glasála* an smeachnaisc dreapadóireachta a thaispeántar a mhonarú.




*scriú glasála*

**(k)** Tabhair breac-chuntas ar oibríocht leictreamaighnéid.

**(l)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an trealamh faoi chumhacht neomatach a úsáideann fiaclóir.

**(m)** Déan cur síos ar **dhá** airí chriticiúla is cóir a chur san áireamh nuair atá cruach dhosmálta á roghnú mar ábhar sreinge sna teanntáin fiacla a thaispeántar.



*teanntáin fiacla sreinge*

**Ceist 2.** **(50 marc)**

Freagair **gach ceann** de na ceisteanna seo a leanas:

**(a)** Dúshlán suntasach domhanda is ea an gá atá le forbairt a dhéanamh ar roghanna eile seachas breoslaí iontaise.




**(i)** Luaigh na príomhairíonna atá ag hidrigin.

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hidrigin a úsáid mar fhoinse bhreosla.

**(b)** Úsáidtear Athfhoirmiú Meatáin le Gal (SMR) chun 95% de tháirgeacht hidrigine an domhain a sholáthar. Meastar é a bheith éifeachtach agus cost-éifeachtúil.



**(i)** Déan cur síos ar phróiseas SMR.


**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar thionchar SMR ar an timpeallacht agus tagairt agat d'úsáid breoslaí iontaise, ionchur fuinnimh agus astaíochtaí.

**(c)** I measc na bpríomhstraitéisí don todhchaí atá leagtha amach i *Straitéis Náisiúnta Hidrigine (2023)* Rialtas na hÉireann, tá ár slándáil fuinnimh a fheabhsú agus deiseanna a chruthú sa mhargadh easpórtála.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil tábhacht ag baint le Taighde agus Forbairt (T&F) i dteicneolaíocht fuinnimh hidrigine.

**(ii)** Déan idirdhealú idir cumhacht hidrigine a úsáid le haghaidh ionaid sonraí agus le haghaidh tionscail talmhaíochta.

**(d)** Tabhair breac-chuntas ar an bprionsabal oibríochta a bhaineann le cill bhreosla hidrigine agus tagairt agat d'anóid, catóid, scannán leictrilíte agus fotháirgí.




**(e)** Pléigh, agus samplaí agat, na dúshláin atá ann maidir le **dhá cheann ar bith** de na gnéithe seo a leanas a bhaineann le teicneolaíochtaí hidrigine a leathnú:

**(i)** Táirgeadh hidrigine glaise.
**(ii)** Stóráil fuinnimh.
**(iii)** Ceisteanna sábháilteachta.


**Ceist 3.** **(50 marc)**

**(a)** As for-chóimhiotail nicil-bhunaithe a dhéantar lanna an chomhbhrúiteora a úsáidtear sa scairdinneall a thaispeántar. Bíonn frithsheasmhacht ard in aghaidh dífhoirmithe ag na for-chóimhiotail sin ó shnámhaíocht theirmeach agus strustuirse miotail.

**(i)** Mínigh an téarma *strustuirse miotail*.

**(ii)** Déan cur síos ar conas a d'fhéadfadh teocht cur isteach ar shnámhaíocht i miotail.

**(iii)** Déan cur síos, agus léaráid(í) mar chabhair agat, ar phrionsabail na tástála teanntachta.




**(b)** Fuarthas na torthaí thíos ó thástáil teanntachta a rinneadh ar shampla tástála cóimhiotail, de thrastomhas 12mm agus de thomhasfhad 80mm.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ualach (kN)** | 30 | 80 | 126 | 147 | 154 | 148 | 152 | 162 | 180 | 175 |
| **Síneadh (mm)** | 0.2 | 0.5 | 0.8 | 0.9 | 1.5 | 2.0 | 2.5 | 3.0 | 5.5 | 8.0 |

**(i)** Úsáid an grafpháipéar a cuireadh ar fáil agus breac léaráid den ualach leis an síneadh don chóimhiotal.

**(ii)** Taispeáin **gach ceann** de na pointí seo a leanas ar do ghraf:

- Teorainn an leaisteachais
- Tosach an chaolaithe
- Brisphointe.

**(iii)** Aimsigh Neart Teanntachta Deiridh (UTS) an tsampla.

**(c)** Tá ról ríthábhachtach ag tástáil neamhscriosach (NDT) i ndearadh, monarú agus cothabháil páirteanna aerárthaí.



**(i)** Déan idirdhealú idir tástáil neamhscriosach micreascópach agus tástáil neamhscriosach macrascópach.


**(ii)** Déan cur síos, agus léaráid(í) mar chabhair agat, ar thástáil neamhscriosach oiriúnach **amháin** a úsáidtear chun lanna tuirbín scairdinnill a scrúdú le haghaidh fabhtanna inmheánacha.

**Ceist 4.** **(50 marc)**


**(a)** Cuirtear teicnící cruachana dromchla i bhfeidhm ar innealra talmhaíochta, amhail an céachta a thaispeántar, le linn dó a bheith á mhonarú.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le cruachan dromchla a dhéanamh ar rinn an chéachta.

**(ii)** Déan cur síos, agus léaráid(í) mar chabhair agat, ar an bpróiseas téimh agus fuaraithe a úsáidtear nuair atá cruachan ionduchtaithe á déanamh ar rinn an chéachta.




**(b)** Taispeántar sliocht shimplithe den léaráid chothromaíochta iarainn is carbóin.




**(i)** Ainmnigh an líne chlaochlaithe **A** agus an líne chlaochlaithe **B**.

**(ii)** Ainmnigh pointe **C** agus déan cur síos ar an gclaochlú a tharlaíonn ag an bpointe sin.

**(iii)** Déan cur síos ar ainéaladh cruach carbóin de 1.2% faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Teocht
- Próiseas fuaraithe
- Éifeacht ar an gcruach.

**(c)** Freagair **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos, agus léaráid(í) mar chabhair agat, ar oibríocht piriméadair optúil.

**(ii)** Sainaithin **trí cinn ar bith** de na meáin fuaraithe a úsáidtear i dteaschóireálacha.

**(iii)** Mínigh buntáiste **amháin** a bhaineann le comhpháirteanna miotail a ghaibhniú.


**Ceist 5.** **(50 marc)**

**(a)** Féadfaidh miotail a bheith ann i roinnt cruthanna, lena n-áirítear allatróip agus cóimhiotail.


**(i)** Mínigh an téarma *allatróp*.

**(ii)** Sainaithin **gach ceann** de na criostalstruchtúir **A**, **B** agus **C** a thaispeántar.


**(iii)** Agus tagairt agat d'allatrópacht iarainn, tabhair breac-chuntas ar an difríocht idir airíonna struchtúr **A** agus airíonna struchtúr **B**.



*Struchtúr* **A**



*Struchtúr* **B**



*Struchtúr* **C**

**(b)** Taispeántar sa tábla na teochtaí soladaithe atá ag cóimhiotail éagsúla de Chaidmiam agus Sinc. Is é teocht leáite Chaidmiam ná 321°C agus teocht leáite Since ná 419°C.

| **% Since sa chóimhiotal** | **10** | **14** | **20** | **30** | **40** | **50** | **60** | **70** | **80** | **90** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tús an tsoladaithe (°C)** | 290 | 266 | 275 | 293 | 310 | 328 | 345 | 362 | 380 | 401 |
| **Deireadh an tsoladaithe (°C)** | 266 | 266 | 266 | 266 | 266 | 266 | 266 | 266 | 266 | 266 |

Úsáid an grafpháipéar atá ar fáil agus:

**(i)** Tarraing léaráid na cothromaíochta de réir na sonraí a thugtar, **agus** lipéadaigh na línte leachtais agus soladais.

**(ii)** I gcás an chóimhiotail ina bhfuil **60% Since**, déan amach ón léaráid cóimheas na bpasanna ag **300°C**.


**(iii)** Ainmnigh an pointe claochlaithe don chóimhiotal ina bhfuil **14% Since** ag **266°C** **agus** déan cur síos ar an méid a tharlaíonn ag an bpointe sin.

**(c)** Freagair **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos ar **cheithre cinn ar bith** de na céimeanna sa phróiseas athchúrsála miotail a thaispeántar.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le comhpháirteanna miotail a uaschúrsáil.

**(iii)** Mínigh leictrimhiotalóireacht alúmanaim.



**Ceist 6.** **(50 marc)**

**(a)** Úsáidtear stuatháthú tumtha (SAW) chun teascáin de chruach rollta a chur le chéile le túir struchtúracha tuirbíní gaoithe a mhúnlú.



**(i)** Déan cur síos, agus léaráid(í) mar chabhair agat, ar an bpróiseas stuatháthaithe thumtha (SAW).

**(ii)** Luaigh **dhá** chúis a n-úsáidtear stuatháthú tumtha (SAW) nuair atá túir tuirbíní gaoithe á gcur le chéile.

**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:


**(i)** Sainaithin **dhá** chéim a theastaíonn chun alt a ullmhú le haghaidh táthú.

**(ii)** Luaigh **dhá** fheidhm atá ag an mbratú leictreoide i stuatháthú de láimh.

**(iii)** Déan cur síos ar an gcaoi a stóráiltear gás aicéitiléine go sábháilte.

**(iv)** Déan cur síos, agus léaráid(í) mar chabhair agat, ar phróiseas an táthaithe cuimilte.

**(v)** Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhféadfadh *díchumadh*, mar a thaispeántar, tarlú le linn táthú.



**(c)** Agus léaráidí oiriúnacha mar chabhair agat, déan comparáid idir spot-táthú friotaíochta **agus** séamatháthú friotaíochta, de réir na gceannteideal seo a leanas:

- Cruth na leictreoide
- Gnáthamh táthúcháin
- Cúinsí sábháilteachta
- Na feidhmeanna atá ag gach cineál táthaithe.

**NÓ**

**(c)** Úsáidtear Intleacht Shaorga (AI) agus Réaltacht Fhíorúil (VR) i dteicnící táthú nua-aimseartha.



**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hIntleacht Shaorga (AI) a úsáid chun iniúchadh a dhéanamh ar tháthÁin le haghaidh fabhtanna.

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le fearais chinn Réaltachta Fíorúla (VR) a úsáid agus oiliúint á cur ar tháthaire.

**Ceist 7.** **(50 marc)**

**(a)** Úsáidtear bacainní plaisteacha go minic chun trácht a stiúradh agus chun coisithe a choinneáil sábháilte ag oibreacha bóthair agus láithreáin tógála. Tá na bacainní a thaispeántar toll agus tá siad déanta as teirmeaplaisteach poileitiléine ard-dlúis (HDPE).

**(i)** Tabhair **dhá** chúis a bhfuil na bacainní a thaispeántar toll ina ndearadh.

**(ii)** Agus léaráid(í) mar chabhair agat, déan cur síos ar phróiseas monaraithe polaiméire atá ***oiriúnach*** le haghaidh na mbacainní tolla a thaispeántar.

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** airí atá ag poileitiléin ard-dlúis (HDPE) a fhágann go bhfuil sí oiriúnach chun na bacainní a mhonarú.



*bacainní plaisteacha tolla*

**(b)** Freagair **trí cinn** ar bith acu seo a leanas:



**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a n-úsáidtear ábhair chomhchodacha charbóin chun painéil a mhonarú do chabhail an aerárthaigh eVOTL a thaispeántar.

**(ii)** Mínigh an difríocht idir *cuimhne leaisteach* agus *leaisteachas* i dteirmeaplaistigh.

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar an bhfeidhm atá ag *catalaíoch* **agus** ag *coscaire* i bpróiseas an pholaiméirithe suimiúcháin.

**(iv)** Pléigh an úsáid a bhaintear as *oibreáin chúrtha* i monarú polaiméire.

**(v)** Sainaithin **dhá** chúis a bhfuil *polúireatán* oiriúnach lena úsáid i monarú rothaí do chláir scátála.



**(c)** Is feiste nuálach ar snámh é an *Seabin*™ a dearadh chun dramhaíl phlaisteach agus smionagar eile a bhaint ó dhromchla an uisce.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar na héifeachtaí a bhíonn ag dramhaíl phlaisteach ar bheatha na mara.

**(ii)** Déan idirdhealú idir na modhanna chun *teirmeaplaistigh* agus *plaistigh theirmithéachtacha* a athchúrsáil.



*Seabin*™

**Ceist 8.** **(50 marc)**

**(a)** Leis an mbeachtlíomhadh dromchla, táirgtear páirteanna a mbaineann ardchruinneas leo lena n-úsáid i bhfeistí leighis, amhail an t-ionphlandú d'alt an chromáin a thaispeántar.



**(i)** Déan cur síos, agus léaráid(í) mar chabhair agat, ar an bpróiseas beachtlíofa dromchla.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghuais sábháilteachta a bhaineann le meaisín beachtlíofa a úsáid.

**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Agus léaráid(í) mar chabhair agat, mínigh an difríocht idir gearrthóir *déadach* agus gearrthóir *T-shliotáin* a úsáidtear i muilleáil.




**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le reanna ionsáite cairbíde tungstain a úsáid in ionad cruach ardluais in uirlisí gearrtha.

**(iii)** Déan cur síos ar **dhá** mhodh a úsáidtear chun fad a chur le saolré uirlise gearrtha.

**(iv)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le córais tomhais léasair i meaisíniú CNC.

**(v)** Sainaithin **dhá** réamhchúram ba chóir a ghlacadh chun *bréine* a chosc i sreabháin ghearrtha.

**(c)** Táirgtear sliseanna miotail nuair a bhíonn meaisíniú á dhéanamh ar an deil, amhail iad siúd atá léirithe ag **A**, **B** agus **C** mar a thaispeántar.




**(i)** Sainaithin na sliseanna gearrtha miotail a thaispeántar ag **A** agus **B** agus déan idirdhealú soiléir eatarthu agus tagairt agat d'airíonna ábhair.

**(ii)** Sainaithin an fhoirmíocht slise a thaispeántar ag **C**, **agus** tabhair breac-chuntas ar an tionchar ar shábháilteacht agus ar an tionchar ar an mbailchríoch dhromchla a bhaineann leis an bhfoirmíocht slise sin.

**NÓ**

**(c)** Cuimsíonn an ghéag róbatach a thaispeántar solúbthacht róbait 6-ais mar aon le teicneolaíocht muilleoireachta CNC.



**(i)** Déan cur síos ar **gach ceann** díobh seo a leanas i dtaca le teicneolaíocht muilleoireachta róbatach CNC:

- Mótair chéimneacha
- Braiteoirí aisfhotha.

**(ii)** Mínigh an téarma *monarú dealaitheach* i dtaca le muilleoireacht CNC.

**Ceist 9.** **(50 marc)**

**(a)** Tá aonad ceamara inoiriúnaithe feistithe sa róbat cianrialaithe iniúchta a thaispeántar.



*róbat iniúchta*

**(i)** Déan cur síos, agus léaráid(í) mar chabhair agat, ar mheicníocht oiriúnach a úsáidtear chun an t-aonad ceamara a chlaonadh **nó** chun an t-aonad a rothlú.


**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** úsáid oiriúnacha do róbat cianrialaithe iniúchta.

**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Agus léaráid mar chabhair agat, déan cur síos ar oibríocht ghiaranna beibhil.

**(ii)** Luaigh **dhá** bhuntáiste le rialú teirmeastatach i gcórais téimh tí.


**(iii)** Sainaithin an mheicníocht a thaispeántar thall **agus** luaigh úsáid oiriúnach **amháin** don mheicníocht.



**(iv)** Déan cur síos ar oibríocht sorcóra neomataigh aonghníomhaigh.

**(v)** Tabhair breac-chuntas ar oibríocht toilleora.

**(c)** Úsáidtear meicníochtaí éagsúla sa phrintéir 3T a thaispeántar chun gluaiseacht an chinn priontála agus an tábla a rialú.



*lasc theorann*

**(i)** Déan cur síos, agus léaráid(í) mar chabhair agat, ar mheicníocht oiriúnach a fhágfaidh go mbeidh an chóimeáil cinn priontála in ann gluaiseacht suas agus síos.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar fheidhm na laisce teorann a thaispeántar sa phrintéir 3T.

**NÓ**

**(c)** Dearadh agus suiteáil carrfort gréine an speisialtóireacht atá ag an gcuideachta Éireannach *EnergyServ*.



**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an gcarrfort gréine a thaispeántar.

**(ii)** Déan cur síos ar conas is féidir le fuinneamh gréine cumhacht leictreach a chur ar fáil don fheithicil a thaispeántar.

An Ardteistiméireacht, 2025 – Ardleibhéal

# Innealtóireacht – *Ábhair agus Teicneolaíocht*

Déardaoin, 5 Meitheamh

Maidin 9:30 – 12:30

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Leaving Certificate Examination, 2025

# Engineering - Practical
(150 marks)

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

## Please Read Carefully

### Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2025. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2025. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2025. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 2 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 7 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 9 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 10 | Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |
| 11 | U-Aluminium | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 1, 3, 4, 5, 6, 8, 12 and 13 have been made prior to examination day.
Using the screws supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

**Lá 1, 2 agus 3**

2025. M74AT

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

## Innealtóireacht - Praiticiúil
(150 marc)

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2025. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2025. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2025. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 2 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 3 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 7 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 10 | Polacarbónáit | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |
| 11 | U-Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |


**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 1, 3, 4, 5, 6, 8, 12 agus 13 roimh lá an scrúdaithe. Agus tú ag baint úsáide as na scriúnna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.


**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**


# SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
# LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL

2025. M74A(L 1 )

Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:
Write your Examination Number in this box:








Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.




THALL
OVER


Lá 1
Day 1

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission


2025. M74A($L_2$)

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE ENGINEERING - PRACTICAL



SCRÚDUIMHIR
EXAM NO.



Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

# SONRAÍ CÓIMEÁLA
# ASSEMBLY DETAILS

**Day 1, 2 and 3**

2025. M74A

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Leaving Certificate Examination, 2025

# Engineering - Practical

(150 marks)

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

## Please Read Carefully

### Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2025. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2025. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2025. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 2 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 7 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 9 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 10 | Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |
| 11 | U-Aluminium | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 1, 3, 4, 5, 6, 8, 12 and 13 have been made prior to examination day.
Using the screws supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

**Lá 1, 2 agus 3**



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

## Innealtóireacht - Praiticiúil
(150 marc)

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2025. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2025. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2025. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 2 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 3 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 7 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 10 | Polacarbónáit | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |
| 11 | U-Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |

**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 1, 3, 4, 5, 6, 8, 12 agus 13 roimh lá an scrúdaithe. Agus tú ag baint úsáide as na scriúnna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.


**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**


Lá 2
Day 2


SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL


2025. M74A(L1)

Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:
Write your Examination Number in this box:











Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.






THALL
OVER


Lá 2
Day 2

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission


2025. M74A($L_2$)

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE ENGINEERING - PRACTICAL



SCRÚDUIMHIR
EXAM NO.



Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

# SONRAÍ CÓIMEÁLA
# ASSEMBLY DETAILS

**Day 1, 2 and 3**

2025. M74A

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Leaving Certificate Examination, 2025

# Engineering - Practical

(150 marks)

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

## Please Read Carefully

### Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2025. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2025. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2025. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 2 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 7 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 9 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 10 | Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |
| 11 | U-Aluminium | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 1, 3, 4, 5, 6, 8, 12 and 13 have been made prior to examination day.
Using the screws supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

**Lá 1, 2 agus 3**

2025. M74AT

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

## Innealtóireacht - Praiticiúil
(150 marc)

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2025. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2025. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2025. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 2 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 3 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 7 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 10 | Polacarbónáit | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |
| 11 | U-Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |


**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 1, 3, 4, 5, 6, 8, 12 agus 13 roimh lá an scrúdaithe. Agus tú ag baint úsáide as na scriúnna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.


**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**


# SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
# LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL


2025. M74A(L 1 )

Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:
Write your Examination Number in this box:











Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.




THALL
OVER


Lá 3
Day 3


Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

2025. M74A($L_2$)

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE ENGINEERING - PRACTICAL






Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

## SONRAÍ CÓIMEÁLA
## ASSEMBLY DETAILS